AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.4.2021
COM(2021) 183 final

2021/0098 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Ghnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um Ghnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála ('Comhairle TRIPS') i ndáil le cinneadh a ghlacadh atá beartaithe maidir leis an iarraidh ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS le haghaidh Comhaltaí de na Tíortha is Lú Forbairt.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil

Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS'), i measc nithe eile, caighdeáin agus prionsabail leordhóthanacha a chur ar fáil maidir le hinfhaighteacht, raon feidhme agus úsáid ceart maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, modhanna éifeachtacha agus iomchuí chun iad a fhorfheidhmiú agus nósanna imeachta éifeachtacha gasta a chur i bhfeidhm chun díospóidí idir rialtais a chosc agus a réiteach go hiltaobhach. Cumhdaítear na cearta maoine intleachtúla seo a leanas i gComhaontú TRIPS: cóipcheart agus cearta gaolmhara, trádmharcanna, tásca geografacha, lena n-áirítear sonrúcháin tionscnaimh, dearaí tionsclaíocha, paitinní, lena n-áirítear cosaint cineálacha nua plandaí, dearaí leagan amach le haghaidh ciorcaid iomlánaithe agus faisnéis neamhnochta. Tháinig Comhaontú TRIPS i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

Is páirtí é an tAontas Eorpach i gComhaontú TRIPS[1].

2.2. Comhairle TRIPS

Déanann Comhairle TRIPS maoirseacht ar fheidhmiú Chomhaontú TRIPS. Sna seisiúin rialta a bhíonn aici, fónann Comhairle TRIPS mar fhóram chun plé a dhéanamh ar na gnéithe trádála de chosaint agus d'fhorfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla a chumhdaítear le Comhaontú TRIPS. Oibríonn Comhairle TRIPS faoi threoir ghinearálta Chomhairle Ghinearálta an EDT. Tá sé ar fáil do Chomhaltaí uile EDT agus do bhreathnóirí arna bhformheas ag na Comhaltaí. Is trí chomhthoil a dhéanann Comhairle TRIPS a cuid cinntí. De bhun Riail 33 de rialacha nós imeachta Chomhairle TRIPS[2], i gcás nach féidir teacht ar chinneadh trí chomhthoil i gComhairle TRIPS, déanfar an t-ábhar atá i gceist a chur faoi bhráid na Comhairle Ginearálta lena chinneadh. De bhun Airteagal IX de Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ("Comhaontú Marrakech") I gcás ina bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach an ceart vótála tá líon vótaí aige atá comhionann le líon na mBallstát atá ina gComhaltaí de EDT.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhairle TRIPS

An 8-9 Meitheamh 2021, le linn an tseisiúin fhoirmiúil a bheidh aici, glacfaidh Comhairle TRIPS cinneadh maidir leis an iarraidh ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse faoi

[1] Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle (an 22 Nollaig 1994) a bhaineann leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de na caibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

[2] Rialacha nós imeachta le haghaidh chruinnithe na Comhairle um TRIPS (28 Meán Fómhair 1995) – IP/C/1.

Airteagal 66(1) TRIPS le haghaidh Comhaltaí de na Tíortha is Lú Forbairt (LDC) amhail ón 1 Iúil 2021 (‘an gníomh atá beartaithe’).

Ó theacht i bhfeidhm Chomhaontú Marrakech an 1 Eanáir 1995, díolmhaíodh na Comhaltaí LDC ó oibleagáidí TRIPS seachas Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 ar feadh tréimhse deich mbliana faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS. Foráiltear leis an Airteagal seo freisin gur féidir an tréimhse sin a fhadú tuilleadh ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó chomhalta de na tíortha is lú forbairt. In 2005 agus 2013, tar éis iarrataí sonracha a fháil ó na Comhaltaí LDC, cuireadh síneadh leis an díolúine sin cheana féin faoi dhó, an dara huair go dtí an 1 Iúil 2021.

Chuir Sead, thar ceann an ghrúpa LDC, iarraidh isteach go foirmiúil[3] an 1 Deireadh Fómhair 2020 ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse. Tá iarrtha ag an ngrúpa LDC síneadh a chur leis an idirthréimhse le haghaidh “chomh fada agus a fhanann an Comhalta i gcatagóir na dtíortha is lú forbairt agus ar feadh tréimhse dhá bhliain déag ó dháta theacht i bhfeidhm cinnidh ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Comhalta a eisiamh ó chatagóir na dtíortha is lú forbairt.”

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 66 (1) de Chomhaontú TRIPS, lena bhforáiltear: “I bhfianaise éilimh agus riachtanais speisialta na gComhaltaí de na tíortha is lú forbairt, a srianta eacnamaíocha, airgeadais agus riaracháin, agus an gá atá acu le solúbthacht chun bonn teicneolaíoch inmharthana a chruthú, ní bheidh de cheangal ar na Comhaltaí sin forálacha an Chomhaontaithe seo, seachas Airteagail 3, 4 agus 5, a chur chun feidhme ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta cur i bhfeidhm mar atá sainmhínithe faoi mhír 1 d’Airteagal 65. Déanfaidh an Chomhairle um TRIPS, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó Chomhalta de na tíortha is lú forbairt, sínithe ar an tréimhse sin a dheonú”.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Mar fhreagra ar iarraidh ó Chomhaltaí LDC, molann an Coimisiún do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an seasamh seo a leanas ón Aontas a bhunú: Níor cheart ceangal a chur ar Chomhaltaí LDC forálacha Chomhaontú TRIPS a chur i bhfeidhm, seachas Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5, ar feadh tréimhse theoranta ama nach faide ná 10 mbliana, nó go dtí dáta den sórt sin, ar a scoirfidh siad de bheith ina LDC, cibé dáta is túisce.

Mar sin féin, ní bheadh síneadh ar an idirthréimhse gan teorainn ama, mar a mhol na LDCanna, ag teacht leis an gcuspóir chun Comhaltaí LDC a chomhtháthú de réir a chéile, mar bhaill den chóras iltaobhach trádála, sa chóras idirnáisiúnta um maoin intleachtúil ar bhonn na n-íoscheanglas dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS.

I gcás ina dtacódh comhaltaí EDT le síneadh a chur leis an idirthréimhse faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS gan teorainn ama, níor cheart go mbeadh an tAontas ina bhac ar theacht ar chomhthoil.

Tá gá le leibhéal áirithe cosanta agus forfheidhmithe CMI i gComhaltaí LDC freisin, toisc gur spreagthóir iad CMInna don nuálaíocht agus is uirlis thábhachtach iad don fhorbairt inbhuanaithe. Is dreasacht do shealbhóirí teicneolaíochta freisin iad cosaint agus forfheidhmiú CMI chun scaipeadh eolais a chur chun cinn agus infheistíocht isteach chuig Comhaltaí LDC a mhealladh. Is dreasacht do chuideachtaí AE freisin leibhéal áirithe cosanta agus forfheidhmithe CMI i gComhaltaí LDC, chun a dteicneolaíochtaí nua a thabhairt chuig Comhaltaí LDC gan faitíos roimh ghoid IP ná aon mhí-úsáid eile. Dá gcuirfí síneadh leis an

[3] Doiciméad EDT IP/C/W/668.

idirthréimhse gan teorainn ama, níor leor é mar spreagadh do Chomhaltaí LDC iarrachtaí a dhéanamh sa réimse seo agus d'fhéadfadh sé a bheith fritorthúil dá n-iomaíochas sa chóras domhanda trádála. Mar sin féin, tá údar maith le síneadh eile a chur leis an idirthréimhse chun Comhaontú TRIPS, seachas Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5, a chur chun feidhme. Is iad Comhaltaí LDC an chuid is leochailí den phobal trádála idirnáisiúnta, ar saintréithe díobh srianta amhail ioncam íseal per capita, leibhéal íseal forbartha daonna, agus míbhuntáistí eacnamaíocha agus struchtúracha don fhás. Le paindéim COVID-19, tá méadú breise tagtha ar na dúshláin atá os comhair Chomhaltaí LDC. Dá bhrí sin, ní mór do Chomhaltaí LDC spás beartais agus solúbthacht a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá acu maidir le forbairt agus chun bonn teicneolaíoch inmharthana a chruthú.

Tá sé tábhachtach freisin gach dícheall a dhéanamh chun a fhoráil nach mbeidh de thoradh ar aon athrú a dhéantar ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar chleachtas na gComhaltaí LDC, le linn na hidirthréimhse breise, go mbeidh comhsheasmhacht níos lú ann le forálacha Chomhaontú TRIPS. Spreagfadh an ceanglas sin Comhaltaí LDC forálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS a chur chun feidhme de réir a chéile agus laghdú ar leibhéal cosanta agus forfheidhmithe na gceart maoine intleachtúla a chosc. Chuirfí iarrachtaí Chomhaltaí LDC ar fhorálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS a chur chun feidhme san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le tairbhithe an chomhair theicniúil agus airgeadais dá bhforáiltear faoi Airteagal 67 de Chomhaontú TRIPS chun cur chun feidhme Chomhaontú TRIPS a éascú, ag díriú ar na réimsí sin ar mó a n-áirgiúlacht láithreach.

An dara cuid d'iarraidh na gComhaltaí LDC, i.e. an iarraidh ar thréimhse bhreise de dhíolúine dhá bhliain déag ón dáta a théann Comhalta de na tíortha is lú forbairt ar aghaidh ó chatagóir na dtíortha is lú forbairt, is cosúil go dtéann an iarraidh sin thar raon feidhme Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an Airteagal sin ach amháin maidir le síneadh a chur leis an idirthréimhse le haghaidh cur chun feidhme forálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS ag Comhaltaí LDC. Dealraíonn sé gurb ionann an iarraidh agus díolúine ó fhorálacha ábhartha Chomhaontú TRIPS, rud nach féidir le Comhairle TRIPS a chinneadh. Dá bhrí sin, ní féidir tacú leis an iarraidh ar dhíolúine a dheonú do neamh-LDCanna mar chuid de chinneadh ón gComhairle TRIPS faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an iarraidh ar thréimhse bhreise de dhíolúine dhá bhliain déag ón dáta a théann Comhalta de na tíortha is lú forbairt ar aghaidh ó chatagóir na dtíortha is lú forbairt sa teachtaireacht[4] maidir le haistriú rianúil i bhfabhar tíortha atá ag dul ar aghaidh ó chatagóir LDC, teachtaireacht a chuir misean Shead isteach thar ceann an ghrúpa LDC an 17 Samhain 2020 chuig an gComhairle Ghinearálta agus tá sí á plé sa Chomhairle Ghinearálta.

Tá an tionscnamh seo ag teacht go hiomlán le beartais an Aontais. Glacadh cinntí comhchosúla roimhe seo. Thacaigh an tAontas Eorpach le síneadh a chur leis an idirthréimhse, rud a chomhaontaigh Comhaltaí an EDT an 11 Meitheamh 2013, chun nach gcuirfeadh Comhaltaí LDC Comhaontú TRIPS i bhfeidhm, seachas Airteagail 3, 4 agus 5, go dtí an 1 Iúil 2021[5].

Tugadh tarscaoileadh sonrach freisin do na Comhaltaí LDC maidir le cur chun feidhme fhorálacha Chomhaontú TRIPS i ndáil le cógaisíocht. Bhí an tarscaoileadh sin le dul in éag an 1 Eanáir 2016 i dtús báire bunaithe ar Dhearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí a glacadh an 14 Samhain 2001. In 2015, d'iarr an Bhanglaidéis, thar ceann an ghrúpa LDC, go ndéanfaí oibleagáidí Chomhaontú TRIPS a tharscaoileadh i ndáil le táirgí cógaisíochta do Chomhaltaí LDC fad is a fhanfaidís ina LDCanna. Thacaigh an tAontas leis

[4] | WT/GC/W/807.

[5] Doiciméad EDT IP/C/64.

an iarraidh sin ón ngrúpa LDC i bhfianaise Dhearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí agus i bhfianaise an chinnidh ó Chomhairle Ghinearálta EDT an 30 Lúnasa 2003 maidir le cur chun feidhme mhír 6 de Dhearbhú Doha. Ar deireadh, cuireadh síneadh leis an tarscaoileadh go dtí an 1 Eanáir 2033 nó go dtí dáta ar a scoirfidh Comhalta LDC de bheith ina LDC, cibé dáta is túisce.

Tá seasamh an Aontais maidir leis an ngníomh atá beartaithe ag teacht go hiomlán le seasamh an Aontais maidir le cur chun feidhme fhorálacha Chomhaontú TRIPS maidir le cógaisíocht.

4. BUNÚS DLÍ NÓS IMEACHTA

4.1. Prionsabail

Déantar foráil, le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), le haghaidh cinntí lena leagfar síos‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Áirítear i gcoincheap ‘na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach ‘a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’[6].

4.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht í Comhairle TRIPS a bunaíodh le Comhaontú Marrakech agus le hIarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú TRIPS.

An gníomh, a iarrtar ar Chomhairle TRIPS a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Bunús dlí substainteach

4.3.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

[6] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.3.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an nós imeachta don chinneadh atáthar a bheartú.

4.4. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2021/0098 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Ghnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus na Comhaontuithe freisin in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin ("Comhaontú Marrakech") i gcrích le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bhun Airteagal 66(1) den Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS'), a áirítear in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú Marrakech, déanfaidh an Chomhairle um Ghnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála ('Comhairle TRIPS') na nithe seo a leanas, ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Chomhalta de na tíortha is lú forbairt (LDC), síneadh leis an idirthréimhse a dheonú, ar idirthréimhse í nach gceanglaítear ar Chomhaltaí LDC forálacha Chomhaontú TRIPS, seachas Airteagail 3, 4 agus 5, a chur i bhfeidhm lena linn.

(3) Rachaidh an idirthréimhse atá ann cheana, mar a comhaontaíodh sa Chinneadh ó Chomhairle TRIPS an 11 Meitheamh 2013,[2] in éag an 1 Iúil 2021.

(4) An 1 Deireadh Fómhair 2020, chuir Sead, thar ceann an ghrúpa LDC, iarraidh isteach go foirmiúil ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse[3].

(5) Le linn an tseisiúin fhoirmiúil a bheidh aici an 8 agus an 9 Meitheamh 2021, glacfaidh Comhairle TRIPS cinneadh maidir leis an iarraidh ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS do Chomhaltaí LDC ("Cinneadh ó Chomhairle TRIPS").

(6) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhairle TRIPS a bhunú, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ó Chomhairle TRIPS ceangailteach ar an Aontas.

---

1 Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a bhaineann leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de na caibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

2 IP/C/64.

3 Doiciméad EDT IP/C/W/668.

(7) Is iad Comhaltaí LDC an chuid is leochailí den phobal trádála idirnáisiúnta, a bhfuil srianta eacnamaíocha, airgeadais agus riaracháin ag bagairt orthu. Ní mór do Chomhaltaí LDC spás beartais agus solúbthacht a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le forbairt agus ní mór dóibh breis ama chun Comhaontú TRIPS a chur chun feidhme.

(8) Tá leibhéal áirithe cosanta agus forfheidhmithe na gCeart Maoine Intleachtúla (CMI) tairbheach do Chomhaltaí LDC, toisc gur spreagthóir iad CMInna don nuálaíocht agus gur uirlis thábhachtach iad don fhorbairt inbhuanaithe. Tá bearta déanta cheana féin ag roinnt Comhaltaí LDC chun Comhaontú TRIPS a chur chun feidhme agus ní mór iad a spreagadh gan an leibhéal cosanta agus forfheidhmithe CMI atá ann cheana a laghdú.

(9) Dá gcuirfí síneadh leis an idirthréimhse gan teorainn ama, mar a mhol an Grúpa LDC, chuirfí moill leis an bpróiseas Comhaltaí LDC a chomhtháthú de réir a chéile, mar chomhaltaí den chóras iltaobhach trádála, sa chóras idirnáisiúnta um maoin intleachtúil ar bhonn na n-íoscheanglas dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS.

(10) Dá réir sin, is iomchuí síneadh a chur leis an idirthréimhse chun Comhaontú TRIPS a chur chun feidhme, seachas Airteagail 3, 4 agus 5, do Chomhaltaí LDC ar feadh tréimhse theoranta ama nach faide ná deich mbliana.

(11) I gcás ina dtacódh Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála le síneadh a chur leis an idirthréimhse faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS ar feadh tréimhse is faide nó gan teorainn ama, níor cheart go mbeadh an tAontas ina bhac ar theacht ar chomhthoil.

(12) Maidir le hiarraidh LDCanna ar thréimhse bhreise de dhíolúine dhá bhliain déag arna ríomh ón dáta a théann Comhalta LDC ar aghaidh ó chatagóir LDC, is cosúil go dtéann an iarraidh sin thar raon feidhme Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an Airteagal sin ach amháin maidir le síneadh a chur leis an idirthréimhse le haghaidh cur chun feidhme forálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS ag Comhaltaí LDC. Dá bhrí sin, níor cheart tacú leis an iarraidh ar dhíolúine a dheonú do thíortha nach Comhaltaí LDC iad mar chuid de Chinneadh ón gComhairle TRIPS faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar seo a leanas a bheidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhairle maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (‘Comhairle TRIPS’), le linn a seisiúin fhoirmiúil an 8 agus an 9 Meitheamh 2021:

(a) Níor cheart ceangal a chur ar Chomhaltaí LDC forálacha an Chomhaontaithe maidir leis na Gnéithe sin de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (‘Comhaontú TRIPS’) seachas Airteagail 3, 4 agus 5 a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama nach mó ná deich mbliana, nó go dtí dáta a scoirfidh siad de bheith ina gComhaltaí LDC, cibé dáta is túisce.

(b) I gcás ina dtacódh Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála le síneadh a chur leis an idirthréimhse faoi Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS ar feadh tréimhse is faide nó gan teorainn ama, níor cheart go mbeadh an tAontas ina bhac ar theacht ar chomhthoil.

(c) Ba cheart go n-áiritheodh Comhaltaí LDC nach mbeidh mar thoradh ar aon athrú a dhéantar ar a ndlíthe, ar a rialacháin agus ar a gcleachtas, le linn na hidirthréimhse breise, go mbeidh comhsheasmhacht níos lú ann le forálacha Chomhaontú TRIPS. Mar sin féin, i gcás nach dtacódh Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála leis an oibleagáid sin ar Chomhaltaí LDC, níor cheart go mbeadh an tAontas ina bhac ar theacht ar chomhthoil.

(d) Níor cheart tacaíocht a thabhairt d'iarraidh ó Chomhaltaí LDC ar thréimhse bhreise de dhíolúine dhá bhliain déag arna ríomh ón dáta a théann Comhalta LDC ar aghaidh ó chatagóir LDC, mar nach dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 66(1) de Chomhaontú TRIPS.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán